BEATHA

Scoth bhia na mara le fáil ag Féile Bia na Mara

Treasa Bhreathnach

MAR a bhíonn in Éirinn gach samhradh, tá tús curtha le sraith na bhféilte samhraidh, agus is ceann acu siúd í 'Féile Bia na Mara' a bheidh á reáchtáil ar Acaill an mhí seo chugainn. Is ón 14 go dtí an 17 Iúil a bheidh an fhéile ar siúl agus deir Connie Hebs, ó Thurasóireacht Acla, "Cinnte, tá sé deacair féile a eagrú san eacnamaíocht ina bhfuil muid, ach chonaic muid anuraidh gur tháinig ardú ar líon na ndaoine a bhí ag freastal ar an fhéile. Tá sé cabhrach dúinne chomh maith agus tarraingteach don lucht freastail go mbíonn cócairí cáiliúla againn gach bliain."

Tá an fhéile á reáchtáil in Acaill ó 1993, ón am a chríochnaigh an fhéile slat iascaireachta Siorc sna 80í. Bhí maoiniú á chur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta d'Fhéile Bia na Mara le trí bliana anuas, ach i mbliana tháinig deireadh leis an gconradh maoinithe a bhí acu, agus dá bharr deireadh le maoiniú an Údaráis ar an bhféile. Is iad Fáilte Ireland anois na príomhmhaoinitheoirí ar an bhféile ach cuireann comhlachtaí agus gnólachtaí áitiúla éagsúla breis cabhrach agus cúnaimh ar fáil dóibh.

Deir Connie, "Is as an áit 50% den lucht freastail agus an 50% eile is cuairteoirí den chuid is mó iad. Tá na daoine áitiúla ag cur i bhfad níos mó suime ann le blianta beaga anuas. Mar shampla anuraidh bhí taispeántais againn ón RNLI nuair a tháinig fear ón eagraíocht sin go dtí an fhéile agus thaispeáin sé do na hiascairí áitiúla cén chaoi le seiceáil a dhéanamh ar an seaicéad tarrthála. Bhí os cionn 100 duine ar an gcé an lá sin agus bheadh muid ag súil go mbeadh grúpa den mhéid chéanna ann i mbliana."

Beidh éagsúlacht mhór imeachtaí ar siúl le linn na féile, idir thaispeántais chócaireachta, safari feamainne, mhargaí bhia na mara, shiúlóidí sléibhe agus sheónna tallainne. An bhfuil níos mó suime ag daoine i bhféilte mar seo a bhaineann leas as an nádúr leis an bhfás atá tagtha ar dhaoine ag iarraidh a gcuid beatha a fháil ón nádúr agus níos mó eolais a fháil amach faoin nádúr atá thart timpeall orthu? Deir Connie, "Bíonn a lán daoine ag freastal ar an safari feamainne i gcónaí mar gheall go bhfuil suim acu i bhfeamainn. Is rud an-sláintiúil í an fheamainn, tá sí orgánach agus leigheas i roinnt áirithe acu. Chomh maith leis sin is rud é atá an-difriúil. Bíonn an-suim ag daoine i gcónaí sna taispeántais chócaireachta chomh maith."

Is léir go bhfuil an fhéile seo ag dul ó neart go neart agus é i gceist acu "forbairt a dhéanamh uirthi an bhliain seo chugainn, sa chaoi agus go mbeidh muid in ann an fhéile a reáchtáil ar feadh chúig lá in aghaidh a chéile," arsa Connie. "Ba mhaith linn nach mbeadh brú ar dhaoine atá ag teacht anseo agus go mbeadh siad in ann súp a bhaint as an fhéile."

Tá an chuid is mó d'imeachtaí na féile saor in aisce agus is féidir leat blaiseadh a fháil díobh ar chlé, agus oidis ó na cócairí cáiliúla ar www.feilebianamara.ie

Díomhaoin don deireadh seachtaine?

TÁ neart féilte eile ag tarlú fud fad na tíre thar an deireadh seachtain saoire bainc seo.

I bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath beidh an taispeántas ollmhór de ghairdíní agus garraíodóireacht ar siúl mar chuid d'Fhéile 'Bloom'. I measc na mbláthanna, na gcrann agus na ngarraíodóirí uile beidh taispeántais de bhianna éagsúla agus ceol beo den scoth i gceist chomh maith. Tá os cionn 200,000 cuairteoir tar éis freastal ar an bhféile seo ónar cuireadh tús leis in 2007 agus beidh sí á reáchtáil ar feadh cúig lá. Tá cead isteach saor in aisce ag páistí.

I gCorcaigh beidh an fhéile 'Ocean to City' á reáchtáil, agus i measc na n-imeachtaí beidh rás bád 15 mhíle i gceist do gach cineál bád rámhaíochta. Tosaíonn an cúrsa i mBun an Tábhairne agus leanann sé ar aghaidh go dtí an chríoch ag Cé an Lapaigh i gCathair Chorcaí. Ar thalamh tirim beidh neart éagsúlacht imeachtaí ann dóibh siúd ar mhaith leo a gcosa a choinneáil tirim, ceol, craic agus neart margaí ceirde.

Má tá fonn gáire ort, níl aon áit níos fearr le dul ach an fhéile 'Cat Laughs Comedy'i gCill Chainnigh. Thosaigh an fhéile seo inné agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí an Luan. Le linn na féile beidh os cionn 67 seó i gceist agus iad ar fad lonnaithe thar 12 ionad éagsúla ar fud na cathrach. I measc na bhfear grinn, beidh Tommy Tiernan ar ais arís ag an bhféile seo.

Beidh neart ceoil le cloisteáil i gCaisleán an Bharraigh an deireadh seachtain seo mar chuid d'fhéile 'Blues' Chaisleán an Bharraigh. Beidh ceol le cloisteáil saor in aisce i dtithe tábhairne an bhaile agus na bannaí móra ag seinm sa 'Royal Theatre'.

Beidh neart ceoil le cloisteáil i gCathair na Gaillimhe chomh maith, mar chuid d'fhéile 'Little Havana'. Beidh an 'Cheathrú Laidine' á lasadh le ceol Laidine, damhsa agus siamsaíocht sráide. Beidh os cionn 60 imeacht saor in aisce sa chathair agus na bannaí móra, Cuba Libre chomh maith le Sabor Cubano agus na Cuban All Stars le cloisteáil ag an bhféile.